C/2024/877

6.2.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Beartais agus straitéisí fuinnimh sa réigiún Eora–Mheánmhara

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/877)

Rapóirtéir: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhrapóirtéir: **Maria Helena DE FELIPE LEHTONEN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.2.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	28.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	582
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	214/2/3

1. **Conclúidí**

1.1. Déanfaidh an ghéarchéim aeráide difear díréireach don réigiún Meánmhuirí agus tá sé aitheanta cheana féin mar cheann de na háiteanna is mó ar fud an domhain a mbeidh tionchar ag an ngéarchéim aeráide air.

1.2. Is féidir gur uirlis luachmhar le haghaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, trádáil réigiúnach agus comhar a bheidh san aistriú ó hidreacarbóin go geilleagar fuinnimh inathnuaite sa réigiún Eora-Mheánmhara.

1.3. Tá iarmhairtí geopholaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta ag baint le hathrú ó chóras fuinnimh breosla iontaise go córas fuinnimh inathnuaite, rud a fhágann go mbeidh daoine áirithe thíos leis ach is féidir leis an Aontas Eorpach na hiarmhairtí sin a mhaolú.

1.4. I bhfianaise na gcomhlántachtaí fuinnimh idir an tuaisceart agus an deisceart, tá idirnaisc fuinnimh ríthábhachtach chun córas comhtháite fuinnimh a fhorbairt sa limistéar Eora-Mheánmhara.

1.5. D'fhéadfadh borradh teacht faoi mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide mar chuid riachtanach de straitéis nua fuinnimh Eorpach sa réigiún Eora-Mheánmhara.

2. **Réamhrá**

2.1. Tá tábhacht straitéiseach leis an réigiún Meánmhuirí a mhéid a bhaineann le soláthar fuinnimh an Aontais go príomha mar gheall ar an bhfuinneamh breosla iontaise a allmhairítear ó roinnt tíortha sa réigiún. Bhain comhar chomh maith le teannais straitéiseacha leis an gcaidreamh fuinnimh sa réigiún Meánmhuirí. Meastar go ndéanfaidh an comhthéacs geopholaitiúil agus fuinnimh san am i láthair an tábhacht atá le fuinneamh a threisiú agus leis sin go mbeidh sé i gcroílár an chaidrimh leis an réigiún Eora-Mheánmhara.

2.2. Déanfaidh an ghéarchéim aeráide difear díréireach don réigiún Meánmhuirí agus tá sé aitheanta cheana féin mar cheann de na háiteanna is mó ar fud an domhain a mbeidh tionchar ag an ngéarchéim aeráide air. Léiríonn an staid shuntasach ina bhfuil sé an géarghá atá le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach chomh maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ó tharla gurb í an earnáil soláthair fuinnimh is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), is tosaíocht é dlús a chur leis an athrú fuinnimh ó bhreoslaí iontaise go breoslaí atá saor ó charbón sa réigiún Meánmhuirí.

2.3. Tá beartais forbartha ag tíortha an Aontais chun a meascán fuinnimh a éagsúlú d'fhonn a n-astaíochtaí GCT a laghdú, rud ba chúis ar deireadh thiar le glacadh na straitéise claochlaithí is uaillmhianaí ar fud an domhain, an Comhaontú Glas don Eoraip (CGE). Ina ainneoin sin, áfach, níl tíortha i ndeisceart ná in oirthear réigiún na Meánmhara (SEMED) ag gluaiseacht faoi láthair ag an luas céanna i dtreo dhícharbónú a n-earnála fuinnimh. I dtaca leis sin, is samhail inspioráideach é an Comhaontú Glas don Eoraip; uirlis thábhachtach atá ann do chomhar fuinnimh breise agus deis atá ann beartas fuinnimh níos inbhuanaithe a ghlacadh ar fud na Meánmhara.

2.4. Tá foinsí suntasacha fuinnimh inathnuaite sa Mheánmhuir lena gcuirtear deiseanna den chéad scoth ar fáil maidir le slándáil agus comhar fuinnimh ar fud an réigiúin. Tá cuid den acmhainneacht ghrianchumhachta is fearr ar domhan ag tíortha SEMED go háirithe. Tá an acmhainneacht fuinnimh inathnuaite sin i gcodarsnacht le tírdhreach fuinnimh na Meánmhara faoi láthair lena mbaineann éagothroime agus éagsúlú. Tabharfaidh tírdhreach nua fuinnimh a bheidh bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite deis níos mó tíortha a áireamh i dtrádáil idirnáisiúnta fuinnimh.

2.5. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an éileamh ar fhuinneamh i dtíortha na Meánmhara Thuaidh, tá méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh ar fhuinneamh i dtíortha SEMED, rud arna spreagadh ag an bhfás déimeagrafach agus eacnamaíoch agus an leictriú. De réir réamh-mheastachán, d'fhéadfadh bearna shuntasach a bheith ann idir éileamh agus soláthar sna blianta atá romhainn sa Mheánmhuir Theas.

2.6. Chomh maith leis an aistriú fuinnimh, chuir cogadh na Rúise ar an Úcráin isteach go mór ar an tírdhreach fuinnimh, a bhí thar a bheith míshocair cheana féin i ndiaidh phaindéim COVID-19. Leagann sin béim ar an gcolún bunúsach eile de na beartais fuinnimh: soláthar fuinnimh a chinntiú. Mar thoradh ar ionradh na Rúise, shocraigh an tAontas deireadh a chur de réir a chéile ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise as an Rúis. Seoladh an plean REPowerEU atá dírithe ar choigilteas fuinnimh a mhéadú, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le húsáid fuinnimh inathnuaite. Dá bhrí sin, d'eisigh an Coimisiún Eorpach teachtaireacht chomhpháirteach inar leagadh amach rannpháirtíocht fuinnimh sheachtraigh an Aontais i saol atá ag athrú, inar tugadh ról ríthábhachtach do Chomharsanacht an Deiscirt maidir le soláthar gáis an Aontais a éagsúlú agus maidir le comhar agus trádáil i dtaca le fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn, agus inar cuireadh an réigiún i gcroílár an tírdhreacha fuinnimh atá ag teacht chun cinn.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is sprioc chomhchoiteann de chuid 43 thír ar ballstáit iad den Aontas don Réigiún Meánmhuirí (UfM) é aistriú cóir cothrom i dtreo geilleagair agus sochaithe ciorclacha, íseal-astaíochtaí, cuimsitheacha, athléimneacha, atá inbhuanaithe ó thaobh acmhainní agus atá fuinneamhéifeachtúil, mar a shonraítear i nDearbhú Aireachta UfM maidir le Fuinneamh (14 Meitheamh 2021, Liospóin). Dá bhrí sin i gcás aistriú fuinnimh sa réigiún Meánmhuirí, teastaíonn laghdú suntasach agus níos tapa i dtáirgeadh agus in ídiú breoslaí iontaise san earnáil tionsclaíochta agus i dteaghlaigh araon. Cé go bhfuil forbairt ollmhór déanta ar fhuinneamh inathnuaite lena gcumasófar, in éineacht le héifeachtúlacht fuinnimh, na cuspóirí ó thaobh neodracht carbóin a bhaint amach, tá sé fós faoi bhun an mheáin dhomhanda, gan i gceist leis ach 11 % d'ídiú iomlán fuinnimh sa Mheánmhuir.

3.2. Mar a luadh ag comhdháil Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le Geopholaitíocht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, is catalaíoch cumhachtach é an Comhaontú Glas don Eoraip don ghníomhaíocht chomhordaithe, rud a fhágann gurb é an tAontas an ceannródaí san athrú fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, is éard atá i gceist le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip go gcuirfeadh an tAontas ina luí ar a chuid comharsan na huaillmhianta céanna a ghlacadh agus dul cosán céanna na hinbhuanaitheachta ina theannta, rud nach amhlaidh faoi láthair sa réigiún Meánmhuirí. I gcás an Aontais, is den tábhacht é go seachnófaí an baol atá ann go dtarlódh sceitheadh carbóin.

3.3. Ina dhiaidh sin féin, tá tíortha SEMED tiomanta do spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach chun a gcuid astaíochtaí GCT a laghdú, lena n-áirítear trí fhuinneamh inathnuaite a fhorbairt agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Ní bheifear ábalta na spriocanna sin a bhaint amach gan toil shoiléir pholaitiúil agus cúnamh teicniúil agus airgeadais seachtrach.

3.4. Is suntasach an méid infheistíochtaí fuinnimh a bheidh gá leo chun neodracht carbóin a bhaint amach i réigiún na Meánmhara faoi 2050: de réir Pheirspictíochtaí Fuinnimh na Meánmhara 2022 de chuid OME (Observatoire Méditerranéen de l'Energie), meastar gur níos mó ná EUR 6 700 billiún a bheidh i gceist. Léirítear sa staidéar céanna go mbeidh gá leath na n-infheistíochtaí sin a dhéanamh sna tíortha SEMED. Is infheistíochtaí san fhuinneamh inathnuaite amháin a bheidh i 70 % den mhéid sin.

3.5. Le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Chláir Oibre Nua don Mheánmhuir agus straitéis fuinnimh sheachtraigh an Aontais a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, tugtar ról tábhachtach don Aontas maidir le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i gComharsanacht an Deiscirt. Tá an ról seo le seoladh go príomha tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI – an Eoraip Dhomhanda), a mbeidh 30 % de tiomnaithe do dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus comhshaoil. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht é

go dtabharfadh an tAontas agus a chomhpháirtithe na cláir ilbhliantúla tháscacha chun críche ina leagtar amach réimsí tosaíochta comhair, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an soláthar ar chúnamh airgeadais ón Aontas do 2021-2027 a bhrostú. Idir an dá linn, is fíorbheagán tíortha SEMED (an Éigipt agus an Iordáin) a bhfuil clársceidealú chúnamh airgeadais an Aontais tugtha chun críche leo. Os a choinne sin, tá an chomhpháirtíocht ghlas a shínigh an tAontas agus Maracó i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun an ghné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip a fhíorú le bheith ina samhail don chomhar idir an tAontas agus tíortha SEMED chun dlús a chur leis an aistriú glas.

3.6. Is féidir gur uirlis luachmhar le haghaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, trádáil réigiúnach agus comhar a bheadh mar thoradh ar bhonneagair fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn ar fud na Meánmhara. Is féidir go dtabharfadh forbairt na mbonneagar sin deis nua don réigiún Meánmhuirí teacht chun cinn mar phríomhsholáthraí fuinnimh do mhargadh na hEorpa, agus slándáil fuinnimh na dtíortha SEMED á neartú ag an am céanna. Chomh maith leis sin, spreagann forbairt na hearnála fuinnimh inathnuaite cruthú post (ardoilte) agus rathúnas agus cuireann sé le forbairt inbhuanaithe gheilleagair SEMED. Trí leas a bhaint as an Meánmhuir, is féidir leis an Aontas é féin a shuíomh mar cheannródaí san aistriú fuinnimh agus sa chlaochlú tionsclaíoch. Go deimhin, beidh príomhthionscail Greentech an Aontais ábalta a suíomh domhanda agus réigiúnach a threisiú trí infheistíocht a dhéanamh sna deiseanna a bheidh ar fáil i dtíortha SEMED.

3.7. Is léir an buntáiste comparáideach atá ag an réigiún Meánmhuirí maidir le fuinneamh gréine agus gaoithe a tháirgeadh agus maidir leis na sineirgí atá ann leis an tionscal glan hidrigine atá ag méadú. Is léir freisin go bhfuil fuinneamh inathnuaite atá bainteach le grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe anois ar an bhfoinse fuinnimh is saoire a bhuíochas sin do chostais a bheith ag laghdú go tapa, rud a thugann deiseanna chun SDG 7a bhaint amach – ‘Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a áirithiú’.

3.8. Tá aird mhór ar hidrigin ghlas le blianta beaga anuas mar bhealach ríthábhachtach chun cuidiú le cuspóirí neodrachta carbóin a bhaint amach. Is réiteach ceannródaíoch é chun próisis thionsclaíocha agus iompar trom a dhícharbónú, agus ag an am céanna lenar féidir fuinneamh inathnuaite a stóráil agus a iompar, agus tá sé anois ina phríomhthosaíocht ag an gComhaontú Glas don Eoraip.

3.9. Tá an Mheánmhuir Theas aitheanta ag an Aontas mar cheann de na trí mhórchonair d’allmhairí hidrigine glaise i saol atá ag athrú. I bhfianaise a n-acmhainneachta ollmhóir i bhfuinneamh inathnuaite, a ngaireacht gheografach agus an costas íseal a d’fhéadfadh a bheith i gceist le táirgeadh hidrigine san fhadtéarma, tá seasamh uathúil ag tíortha SEMED chun iad féin a chur i gceartlár shlabhra soláthair hidrigine glaise an Aontais. Leagadh amach sa Chlár Oibre Nua don Mheánmhuir sprioc 40 gigeavat ar a laghad d’acmhainneacht leictrealóra i gComharsanacht an Aontais faoi 2030.

3.10. Tar éis chuairt Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ar Chaireo i mí an Mheithimh 2022, fógraíodh Comhpháirtíocht Hidrigine na Meánmhara leis an Éigipt chun forbairt a dhéanamh ar earnáil fuinnimh inathnuaite an réigiúin, ar tháirgeadh hidrigine inathnuaite agus ísealcharbóin agus ar an mbonneagar agus na heangacha leictreachais riachtanacha. Ina dhiaidh sin, bhí meabhrán tuisceana ann maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le hidrigin inathnuaite, a shínigh an tAontas agus an Éigipt mar chuid thánaisteach de COP27. Chuige sin, is é leas an réigiúin an chomhpháirtíocht sin a leathnú chuig tíortha comharsanachta eile chun comhpháirtíocht iltaobhach agus dhílis, Comhpháirtíocht Hidrigine na Meánmhara, a bhunú. Ar an ábhar sin, tá sé tábhachtach leas iomlán a bhaint as acmhainneacht ardán gáis UfM ó thaobh hidrigine de. Is sampla eile é Fóram EastMedGas d’ardán comhair a d’fhéadfaí a leathnú chuig fuinneamh inathnuaite agus hidrigin ghlas.

3.11. Cé go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de na colúin den aistriú fuinnimh chuig geilleagair atá neodrach ó thaobh carbóin agus ainneoin go ndéanann sí slándáil fuinnimh a thiomáint, is beag aird atá tugtha ag tíortha UfM uirthi. In ainneoin acmhainneacht mhór a bheith ag baint leis an réigiún Meánmhuirí, níl éifeachtúlacht fuinnimh ach ina thús ann de réir MedECC. Is féidir, áfach, go gcuirfeadh éifeachtúlacht fuinnimh go mór le hastaíochtaí GCT a laghdú agus deiseanna poist a chruthú. Mar thoradh air sin, laghdaítear costais agus tagann méadú ar tháirgiúlacht gnólachtaí, rud atá ríthábhachtach sa chomhthéacs reatha. Tá na hearnálacha iompair, tionscail agus foirgníochta i measc na n-earnálacha ar féidir gnóthachain shuntasacha a bhaint amach, go háirithe i dtíortha SEMED, ina dtiocfaidh méadú suntasach ar éileamh fuinnimh as seo go 2050.

3.12. Is tosaíocht mhór ag an Aontas coigilteas agus éifeachtúlacht fuinnimh, mar a luaitear sa phlean REPowerEU, go háirithe chun slándáil fuinnimh sa ghearrthéarma a áirithiú. Deirtear freisin i straitéis fuinnimh sheachtraigh an Aontais gur tosaíocht dhomhanda coigilteas agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus gur dhea-shampla a d’fhéadfadh a bheith sa taithí rialála agus reachtach a ghabhann leis agus sa taithí ar shocrú caighdeán. Sa réigiún Meánmhuirí, sa Chlár Oibre Nua don Mheánmhuir agus i nDearbhú Aireachta UfM maidir le Fuinneamh, áirítear i measc na dtosaíochtaí bearta éifeachtúlachta fuinnimh a phríomhshruthú i ngach earnáil agus beartas. Chuige sin, is uirlis spéisiúil é an tArdán UfM um Fhuinneamh Inathnuaite agus Éifeachtúlacht Fuinnimh chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dtíortha UfM ina bhféadfaí a n-acmhainneacht a shaothrú go hiomlán.

3.13. Sa Réigiún Meánmhuirí, baineann tábhacht le gás nádúrtha san aistriú fuinnimh go modhanna táirgthe agus ídithe inbhuanaithe toisc é a bheith in úsáid sa mheascán fuinnimh in ionad guail agus ola. Deimhniú ar an ról sin is ea go dtugann tacsanomaíocht an Aontais an stádas 'gníomhaíochtaí idirthréimhseacha a chuireann le maolú ar an athrú aeráide' do gháis iontaise áirithe laistigh de theorainn ama, ag brath ar choinníollacha sonracha agus ar cheanglais trédhearcachta. Meastar go leanfaidh gás nádúrtha de ról suntasach a imirt i meascán fuinnimh an Aontais go dtí 2030, agus ina dhiaidh sin go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an gháis sin i gcomhréir leis na gealltanais maidir le haeráidneodracht.

3.14. Mar a luaitear i nDearbhú Aireachta UfM maidir le Fuinneamh agus sa Mheabhrán Tuisceana a síníodh le déanaí idir an tAontas, an Éigipt agus Iosrael, is den ríthábhacht é go ndéanfaí iarrachtaí chun an slabhra soláthair gáis nádúrtha a dhícharbónú sa réigiún Meánmhuirí, go háirithe maidir le sceitheadh meatáin. Chuige sin, d'fhéadfaí cistí sonracha a thiomnú d'iarrachtaí taighde agus forbartha.

3.15. Tharla sé gur dheis iontach a bhí ann do na tíortha cladachúla agus don réigiún ina iomláine nuair a thángthas ar chúltaiscí móra gáis nádúrtha sa Mheánmhuir Thoir. Mar thoradh ar thaiscéalaíocht na gcúlchistí gáis nádúrtha sa Chipir, san Éigipt agus in Iosrael agus luach airgid a bheith á chur orthu, táthar ag súil leis go gcuirfear le forbairt eacnamaíoch réigiúnach, le sineirgí a chur chun cinn agus le slándáil fuinnimh na hEorpa a fheabhsú trí sholáthar gáis nádúrtha a éagsúlú do mhargadh na hEorpa agus sciar na Rúise ann a laghdú. Rinneadh tosaíocht de sin i bhfianaise an chaidrimh ghéar leis an Rúis agus an tsoláthair gáis nádúrtha á úsáid mar arm i gcoinbhleacht na Rúise leis an Úcráin.

Sa chomhthéacs sin, tá plé déanta ar thionscadail éagsúla chun gás nádúrtha na Meánmhara Thoir a iompar chuig margadh na hEorpa. Bhí sé beartaithe leis an tionscadal píblíne EastMed go ndéanfaí gáscheantair gáis nádúrtha Iosrael, na hÉigipte agus na Cipire a nascadh le margadh na hEorpa tríd an nGréig. Mar sin féin, toisc coinbhleachtaí polaitiúla gan réiteach agus iomaíocht réigiúnach a bheith sa Mheánmhuir Thoir, lena n-áirítear iarrachtaí na Tuirce Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gréige agus Phoblacht na Cipire a chonspóid, tá leibhéil an riosca geopholaitíochta fós ard i dtaobh infheistíochtaí móra sa réigiún. Faoi na cúinsí sin, tá an costas a bhaineann le gás nádúrtha a eastóscadh agus a iompar trí phíblíne EastMed atá beartaithe fós ag leibhéil ró-ard do mhargadh gáis nádúrtha na hEorpa.

3.16. Soláthróidh cúlchistí gáis nádúrtha áitiúla cúnamh ríthábhachtach chun freastal ar riachtanais fuinnimh mhéadaithe na stát cósta sa Mheánmhuir Thoir, agus beifear ábalta barrachas a onnmhairiú mar ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) chuig an margadh domhanda – agus chuig an Aontas go háirithe – tríd an Éigipt, rud a d'fhéadfadh a bheith ina réiteach páirteach ar an bhfadhb airgeadaíochta.

3.17. Mar chuid de phlean REPowerEU deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar ghás na Rúise a luaithe is féidir de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus mar atá leagtha amach i straitéis sheachtrach an Aontais, táthar ag iarraidh ar sholáthraithe gáis píblíne agus gáis nádúrtha leachtaithe SEMED (an Éigipt, Iosrael, an Ailgéir) ról níos mó a ghlacadh maidir le soláthar gáis an Aontais a éagsúlú agus an seachadadh a dhéanann siad chuig an Aontas a mhéadú. Léirítear sa Mheabhrú Tuisceana a shínigh an tAontas, an Éigipt agus Iosrael an tábhacht a bhaineann le comhar atá bunaithe ar thrádáil gáis nádúrtha sa réigiún, agus athchumrú an chaidrimh fuinnimh i bhfabhar oibreoirí sa Mheánmhuir arna spreagadh ag ionradh na Rúise ar an Úcráin. In ainneoin a cuid cúltaiscí móra gáis nádúrtha, ní féidir ról níos mó a bheith ag an Libia sa chomhthéacs nua sin de dheasca na héagobhsaíochta polaitiúla.

4. **Dúshláin agus deiseanna**

4.1. D'fhéadfadh comhtháthú mhargadh fuinnimh na Meánmhara a bheith ina phríomhsprioc chun cuspóirí an aistrithe fuinnimh a bhaint amach, lena n-áirítear méadú ar fhuinneamh inathnuaite, slándáil fuinnimh a áirithiú, soláthar a éagsúlú agus costais an chórais cumhachta a laghdú. Ní féidir le tír ar bith aistriú rathúil a bhaint amach gan fuinneamh glan a tháirgeadh, a stóráil agus a onnmhairiú, gan a heangach a nascadh le heangacha a comharsana, gan a bheith ina cuid de mhúnla nua bonneagair, fios gnó, teicneolaíochta agus rialachais, agus é sin ar fad i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

I bhfianaise na gcomhlántachtaí fuinnimh idir an Tuaisceart agus an Deisceart, tá idirnaisc fuinnimh ríthábhachtach chun córas comhtháite fuinnimh a fhorbairt sa limistéar Eora-Mheánmhara. Mar sin féin, mar a tugadh ar aird i dTuarascáil UfM-ECFE maidir le Lánpháirtiú Réigiúnach san Aontas don Réigiún Meánmhuirí, níltear ach ag cur tús go fóill le forbairt na n-idirnasc sa réigiún Meánmhuirí. Níl ach an Tuirc agus an Mhagraib ceangailte agus sioncronaithe le córas leictreachais an Aontais faoi láthair, agus is é idirnasc trasteorann Mharacó-na Spáinne an t-aon líne a nascann an tAontas leis an Meánmhuir Theas. Tá tuilleadh idirnasc de dhíth, go háirithe chun solúbthacht córais cumhachta a fhorbairt faoi chóras fuinnimh inathnuaite leictreachas-bhunaithe sa réigiún Eora-Mheánmhara, réigiún a dtugtar 'pobal greille nádúrtha' air go minic (Escribano).

4.2. Tá tionscadail idirnaisc éagsúla ar siúl ar fud na Meánmhara, lena n-áirítear an tionscadal Idirnascaire na hEora-Afraice (an cábla idirnascaire is mó ar domhan atá á thógáil idir an Éigipt, an Chipir, an Ghréig agus an tAontas), tionscadal Idirnasc na hIodáile-Montainéagró-na Seirbia- na Boisnia agus na Heirseagaivéine (an chéad idirnasc idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le trádáil fuinnimh inathnuaite) agus Idirnascaire Elmed (idirnascaire cumhachta na Túinéise-na hIodáile chun leictreachas a thrádáil). Sainaithníodh 15 thionscadal idirnaisc sa *2020 Mediterranean Master Plan of Electricity Interconnection* arna fhorbairt ag *Mediterranean Transmission System Operators* (Med-TSO) agus soláthraítear ann anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil lena gcruthaítear go bhfuil comhar iltaobhach réigiúnach indéanta.

4.3. Agus margadh inmheánach fuinnimh an Aontais á ghiaráil, is maith atá na tíortha ar imeall theorainneacha na Meánmhara in ann a bheith ina moil allmhairiúcháin chun fuinneamh inathnuaite ar chostas íseal a chur ar mhargadh an Aontais. Is amhlaidh a bheadh i gcás na Spáinne, Mhálta, na hIodáile, na Gréige agus na Cipire go háirithe. Is féidir leanúint le caidreamh trádála an Aontais le comhpháirtithe seachtracha, agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá ag teacht le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

4.4. Ní mór iarrachtaí a dhéanamh dul i ngleic leis an easpa creat comhchuibhithe rialála ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus fo-réigiúnach, rud atá ina chonstaic maidir le margadh fuinnimh comhtháite a fhorbairt sa Mheánmhuir. Gnéithe tábhachtacha nach mór aird a thabhairt orthu is ea idir-inoibritheacht na gcóras cumhachta agus bainistiú leordhóthanach na n-idirnasc. Ní mór do lucht déanta beartas agus d'oibreoirí fuinnimh aird a thabhairt ar an easpa idirnaisc nua-aimseartha theas-theas nó a n-úsáid íseal le trádáil bheag leictreachais (go háirithe i gcás na Magraibe in ainneoin na n-idirnasc a bheith ann cheana).

4.5. Tá deiseanna méadaithe comhoibrithe curtha ar fáil ag comhar triantánach fuinnimh sa Mheánmhuir le blianta beaga anuas agus táthar ag súil go bhfanfaidh sé ina mhúnla éifeachtach bunaithe ar chur chuige ina bhfuil buntáiste ag gach aon taobh ann, go háirithe sa Mheánmhuir Thoir idir tíortha amhail an Ghréig, an Chipir, an Éigipt, Iosrael agus an Iordáin. D'fhéadfadh comhar níos triantánaí, go háirithe maidir le fuinneamh inathnuaite, tuilleadh malartuithe a chur chun cinn agus cuidiú freisin le caidreamh déthaobhach níos fearr a chothú sa réigiún.

4.6. Is le príomhthionscadail fuinnimh a mhaoiniú, go háirithe bonneagar fisiciúil costasach, a bhaineann ceann de na dúshláin is mó maidir le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus le slándáil fuinnimh a bhaint amach sa réigiún Meánmhuirí. Tá an iarracht mhaoinithe ag brath ar rialtais, ar chúnamh airgeadais idirnáisiúnta, agus ar an earnáil phríobháideach. Táthar ag súil go gcuideoidh an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus faoi NDICI-an Eoraip Dhomhanda le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn i gComharsanacht an Deiscirt trí ionstraimí airgeadais nuálacha.

4.7. Má táthar chun aistriú fuinnimh a bhaint amach sa Mheánmhuir, ní mór don earnáil airgeadais phríobháideach aistriú ó infheistiú i mbreosla iontaise go tionscadail inathnuaite. De réir an ECFE, tá infheistíochtaí díreacha sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh fós ag díriú go díréireach ar thionscadail breosla iontaise, agus cé go bhfuil infheistíocht san fhuinneamh inathnuaite ag méadú, tá sí fós faoi bhun acmhainneacht na hearnála. Is cuideachtaí fuinnimh traidisiúnta iad roinnt mhaith de na cuideachtaí fuinnimh náisiúnta ábhartha sa Mheánmhuir a bhfuil a bpunann comhdhéanta go príomha d'infheistíochtaí agus de ghnóthais a bhaineann le breosla iontaise. Mar sin féin, tá roinnt díobh ag athrú agus ag tabhairt níos mó tosaíochta d'infheistíocht sa mhargadh fuinnimh inathnuaite.

4.8. Chun níos mó infheistíochta a mhealladh san earnáil fuinnimh, is gá an timpeallacht ghnó sna tíortha SEMED a fheabhsú. Tá bacainní sistéamacha ann i roinnt stáit Mheánmhara a bhaineann le hiomaíocht, léirscaoileadh na margaí leictreachais, easpa údaráis neamhspleácha rialála agus rochtain ar thalamh agus ní mór iad a réiteach chun infheistíocht a éascú. Is féidir cúnamh airgeadais an Aontais do thíortha SEMED a nascadh le cur chun feidhme na n-athchóirithe atá dírithe ar dheireadh a chur leis na bacainní sin.

4.9. Mar a pléadh ag Cruinniú Mullaigh EuroMed i mí Iúil 2023, d'fhéadfaí féachaint ar shamhlacha nuálacha maoiniúcháin agus iad a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le húsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite. Trí shásraí maoiniúcháin nua a úsáid, amhail bannaí glasa nó cistí infheistíochta inbhuanaithe, is féidir caipiteal a atreorú i dtreo príomhthionscadail fuinnimh agus bonneagar lena dtacófar leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Ba cheart an maoiniú a éagsúlú agus a scaipeadh go cothrom idir rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta go háirithe maidir le tionchair dhiúltacha an aistrithe fuinnimh a mhaolú agus ba cheart tacú leo chun a n-acmhainneachtaí agus a n-acmhainní a mhéadú.

4.10. Trí chomhoibriú le hinstitiúidí agus cistí airgeadais idirnáisiúnta, tiocfaidh feabhas ar thacaíocht airgeadais do thionscnaimh aistrithe fuinnimh agus d'fhorbairt bonneagair inbhuanaithe.

4.11. D'fhéadfadh micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) atá ina gcnámh droma ag geilleagair thíortha SEMED a bheith ina gcuid riachtanach de straitéis nua fuinnimh na hEorpa sa réigiún Eora-Mheánmhara. Spreagann siad an fás agus an nuálaíocht araon, agus tá ról tábhachtach acu i bhforbairt teicneolaíochtaí agus laistigh den slabhra luacha iomlán a bhaineann leis an aistriú fuinnimh. Is trí shaineolas agus réitigh a chur ar fáil d'fhiontair eile, do shaoránaigh agus don earnáil phoiblí ar fud na Meánmhara a dhéanfaidh siad an méid sin.

4.12. Dá bhrí sin, tá géarghá le tacú le MFBManna agus teaghlaigh tuiscint a fháil ar an aistriú fuinnimh agus é a bhainistiú ar an mbealach is fearr is féidir. Tá CESE ag iarraidh bearta forleitheadacha spriocdhírithe faisnéise agus múscailte feasachta a dhéanamh dá réir, bearta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit ar fáil ar bhealach comhordaithe comhlántach, i gcomhar le heagraíochtaí gnó, comhlachais trádála, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile.

4.13. Is den ríthábhacht é go gcuirfeadh an tAontas agus na Ballstáit dlús leis an infheistíocht ghlas in MFBManna trí thimpeallacht rialála chumasúcháin atá intuartha agus spreagúil a áirithiú, agus trí rochtain thapa, éasca, shimplí agus inrianaithe ar mhaoiniú a chur ar fáil, agus é in oiriúint do riachtanais éagsúla na ngrúpaí éagsúla uile MFBManna.

4.14. Tá dlúthchomhar idir soláthraithe oideachais agus MFBManna maidir le hoiliúint a mhúnlú riachtanach chun na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá san aistriú glas a chomhlíonadh. Ina theannta sin, measann CESE gur den ríthábhacht go dtacófaí le gníomhaíochtaí nuálaíochta do MFBManna tríd an gcomhar le gnólachtaí eile, lena n-eagraíochtaí, le comhlachais trádála, le hollscoileanna agus le hinstitiúidí taighde a dhreasú agus a éascú.

4.15. Tá sé ríthábhachtach pobail a chumhachtú chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta, chun a áirithiú go mbeidh a nguth le cloisteáil agus go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas. Ní mór ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta le linn an timthrialla beartais.

4.16. Trí chomhoibriú le scoileanna, le hollscoileanna agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, cuirfear eolas ar fáil don ghlúin óg maidir le fuinneamh in-athnuaite agus inbhuanaitheacht. Cuirfidh sé sin ar a gcumas dóibh a bheith ina n-urlabhraithe agus ina rannpháirtithe gníomhacha chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn.

4.17. Mar thoradh ar an gcomhthéacs reatha a d'eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin agus beartas an Aontais ina dhiaidh sin deireadh a chur lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, tá gás nádúrtha tagtha chun solais arís. Tá infheistíochtaí nua i mbonneagar gáis – bonneagar GNL go príomha agus píblínte go pointe áirithe – agus sa taiscéalaíocht, dírithe ar mhéadú agus éagsúlú a dhéanamh ar sholáthar gáis nádúrtha don Aontas, lena n-áirítear ó sholáthraithe sa Mheánmhuir, á bplé agus á bpleanáil faoi láthair. D'fhéadfadh na hinfheistíochtaí sin a bheith comhsheasmhach i gcónaí le spriocanna aeráide an Aontais. Ní fhéadfadh breithnithe gearrthéarmacha reatha aird an Aontais ná a chomhpháirtithe sa Mheánmhuir a bhaint den phrionsabal nach mór don ghás nádúrtha leanúint de bheith ina fhoinse fuinnimh aistrithe a gcuirfear deireadh leis de réir a chéile sa mheántéarma.

4.18. Chun leas iomlán a bhaint as na críochfoirt GNL atá ann cheana, go háirithe sa Ghréig, sa Phortaingéil agus sa Spáinn, d'fhéadfaí comhtháthú fuinnimh an Aontais a neartú chun go bhféadfadh gás nádúrtha allmhairithe sreabhadh chuig an gcuid eile den Aontas. Is foinsí inspioráide iad píblíne an Idirnascaire Gáis idir an Ghréig agus an Bhulgáir (IGB) agus tógáil chríochfort GNL i gcalafort Alexandroupolis sa Ghréig le haghaidh tuilleadh comhair agus comhar níos doimhne maidir le fuinneamh. Tá na pleananna chun feabhas a chur ar na naisc idir Leithinis na hIbéire agus an chuid eile den Eoraip trí 'chonair glas' (lena n-áirítear an tionscadal píblíne H2Med ina n-iompraítear hidrigin ó Celorico go Zamora agus ó Barcelona go Marseille a comhaontaíodh le déanaí idir an Phortaingéil, an Spáinn agus an Fhrainc) ag teacht leis an gcur chuige sin.

4.19. D'fhéadfaí a chur san áireamh sa chomhar Eora-Mheánmhara maidir le fuinneamh na ceachtanna a foghlaimíodh ó chliseadh tionscadal ar mhórscála, amhail Plean Gréine na Meánmhara, Desertec nó an fáinne fuinnimh Eora-Mheánmhara. Cliseadh orthusan mar gheall ar an easpa réalachais agus físeanna róshimplí i leith nithe a bhí an-chasta i ndáiríre. D'fhéadfaí breithniú níos fearr a dhéanamh ar bhearnaí forbartha chun a áirithiú go bhfanfaidh an comhar Eora-Mheánmhara maidir le fuinneamh ina chomhar a bheidh chun leasa cách, a bheidh cothrom agus réalaíoch. Mar sin, ní mór rochtain ar mhaoiniú, malartú eolais agus fothú acmhainneachta a bheith ina mbunchlocha den chomhar sin.

4.20. Mar thoradh ar an gcur isteach reatha ar an tírdhreach fuinnimh tá luaineacht ard praghsanna ann, rud a chruthaigh brúnna boilscithe i bhformhór na dtíortha sa réigiún Meánmhuirí. Ina theannta sin, cuireann na míchothromaíochtaí a bhaineann le soláthar fuinnimh i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh isteach ar inacmhainneacht fuinnimh, rud a chuireann rochtain teaghlach leochaileach agus MFBManna ar fhuinneamh i mbaol. Is féidir na tionchair atá ag ardú praghsanna fuinnimh ar thomhaltóirí agus ar ghnóthais a mhaolú, go háirithe ós rud é go bhfuil an

t-idirghaolmhaireacht idir uisce, fuinneamh agus bia mar bhonn le cobhsaíocht agus leas socheacnamaíoch fadtéarmach sa réigiún Eora-Mheánmhara. Tá sé tábhachtach go ndíreofaí san aistriú i dtreo córais fuinnimh níos inbhuanaithe ar an rochtain uilíoch ar fhuinneamh inacmhainne agus iontaofa i gcomhréir le SDG 7. D'fhágfadh sin go mbeadh sé cóir agus cothrom do gach tomhaltóir toisc bearnaí críochacha, inscne agus sóisialta sa rochtain ar fhuinneamh á gcur san áireamh chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh.

4.21. Tá iarmhairtí geopholaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta ag baint le hathrú ó chóras fuinnimh breosla iontaise go córas fuinnimh inathnuaite, rud a fhágann go mbeidh daoine áirithe thíos leis. Chun go mbeidh an t-aistriú seo cóir agus cothrom go sóisialta, d'fhéadfadh na rialtais na tionscail breosla iontaise agus a gcuid oibrithe a thionlacan le scéimeanna ath-imlonnaithe i dtreo thionscail na todhchaí ar an dá thaobh d'Imchuach na Meánmhara. Is féidir leis an Aontas spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'éagsúlú eacnamaíoch na stát cíosa atá ró-spleách ar acmhainní breosla iontaise chun tionchair dhíchobhsaithe an aistrithe fuinnimh sa réigiún a mhaolú.

4.22. I bhfianaise an chomhair fuinnimh mhéadaithe idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta sa Mheánmhuir Theas, d'fhéadfaí aird ar leith a thabhairt ar na comhaontuithe comhlachais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Is féidir na caibidlí maidir le fuinneamh agus infheistíocht a chur in oiriúint do na dúshláin nua. San am céanna, is mór is tábhachtach go n-áireofaí caibidlí maidir le beartas trádála inbhuanaithe, cur chun feidhme uaillmhianach na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus Croíchoinbhinsiúin EIS (saoirse comhlachais, cómhargáil, saothar éignithe, saothar leanaí, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann).

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE